Walk Wheel Cycle Trust

Comhairle Contae an Chláir | Clare County Council

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

## Ceantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

# Innéacs Siúil agus Rothaíochta 2025



Réamhrá



# Ár bhfís maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht



**John Moran**
Méara Luimnigh

## Mar Mhéara Luimnigh, tá áthas orm an dara hInnéacs Siúil agus Rothaíochta de chuid Cheantar Cathrach Luimnigh agus na Sionainne a chur i láthair.

Taispeántar sa tuarascáil seo an ról ríthábhachtach atá ag taisteal gníomhach fós i maidir le Luimneach agus réigiún níos leithne an Mheán-Iarthair níos sláintiúla, níos inbhuanaithe agus níos nasctha a mhúnlú.

Gach lá, siúlann agus rothlaíonn ár gcónaitheoirí coibhéis seacht n-uaire timpeall an domhain, agus rothaíonn siad go leor chun dul thart ar an domhan uair amháin.

Leis na roghanna sin, cuirtear cosc ar 325 riocht sláinte fadtéarmach tromchúiseach gach bliain, cruthaítear €145 milliún i sochair eacnamaíocha do na cónaitheoirí agus laghdaítear 7,100 tona d’astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Tá tacaíocht an phobail do thaisteal gníomhach fós láidir: Tacaíonn 84% de chónaitheoirí ar fud an cheantair Cathrach le bearta chun páirceáil ar chosáin a stopadh, agus tacaíonn 90% le feabhas a chur ar chosáin siúil agus rothaíochta eisbhóthair.

Léirítear le tionscadail a críochnaíodh le déanaí amhail Bóthar an Mhuilinn agus Bóthar an Athar Ruiséil ár dtiomantas do bhonneagar ardchaighdeáin a sholáthar.

Mar thoradh ar leathnú líonra stáisiún na scéime Rothar TfI, tháinig méadú 155% ar thurais rothair ar cíos idir 2022 agus 2024, agus tá pobail níos sábháilte agus níos bríomhaire á gcruthú mar gheall ar chur i bhfeidhm rathúil an chláir Bealaí Sábháilte chun na Scoile - rud a thugann neamhspleáchas nua dár leanaí níos luaithe sa saol.

Le tacaíocht leanúnach ón rialtas, leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar agus sna tionscnaimh a fhágann gur rogha nádúrtha iad siúl, rothlú agus rothaíocht agus le haghaidh gnáth-thurais laethúla.



**Cllr. Paul Murphy,**
Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir

## Mar Chathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, tá áthas orm fáilte a chur roimh an 2ú hEagrán d’Innéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach Luimnigh agus na Sionainne.

Tugtar léargas as tuarascáil seo ar nuashonraithe ar thuairimí chónaitheoirí Cheantar Cathrach na Sionainne i leith modhanna éagsúla iompair lena n-áirítear siúl, rothlú agus rothaíocht.

Cuidíonn torthaí an tsuirbhé sin le tionchar a imirt ar an gcineál infheistíochta agus bonneagair atá ag teastáil ó dhaoine, rud a chuirfidh le Ceantar Cathrach mealltach agus inbhuanaithe.

## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Ceannlínte | 4 |
| Siúl agus rothlú | 6 |
| Rothaíocht | 8 |
| Na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú | 10 |
| Tairbhí na rothaíochta | 12 |
| Réitigh siúil agus rothlaithe | 14 |
| Réitigh rothaíochta | 16 |
| Réitigh chomharsanachta | 18 |
| An ceantar a fhorbairt | 20 |
| Ag breathnú chun cinn | 22 |




## An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is é an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta an measúnú is mó atá déanta maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ba é Walk Wheel Cycle Trust (Sustrans roimhe seo) a rinne é i gcomhar le 22 comhpháirtí réigiúnach agus áitiúil. Tuairiscíonn gach ceantar ar an dul chun cinn atá déanta maidir bealach laethúil níos mealltaí chun taisteal a dhéanamh den siúl, den rothlú agus den rothaíocht.

Tugann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuairisc gach dhá bhliain. Seo an dara tuarascáil ó Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne, arna soláthraíodh i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Tá na sonraí sa tuarascáil seo ó 2025 agus áirítear leo sonraí áitiúla faoi shiúl, rothlú agus rothaíocht, agus suirbhé neamhspleách, ionadaíoch ó thaobh déimeagrafach de, ar 1,106 cónaitheoir 16 bliana d'aois nó níos sine. Rinneadh an suirbhé ó Aibreán go Lúnasa 2025. Rinne an cuideachta taighde margaidh neamhspleách Ipsos B&A an suirbhé, atá ionadaíoch de gach uile chónaitheoir, ní hamháin na cónaitheoirí a shiúlann, a rothlú nó a rothaíonn.

Tá comparáidí curtha chun áireamh againn tríd an tuarascáil seo le sonraí 2023 i gcás ina raibh siad ar fáil.

Gabhaimid ár mbuíochas le muintir Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne a ghlac páirt sa suirbhé agus a roinn a gcuid scéalta linn.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi na tuarascálacha uile agus uirlis sonraí idirghníomhach chun iniúchadh níos cuimsithí a dhéanamh ar na sonraí a fháil ag **www.walkwheelcycletrust.org.uk/walking-cycling-index**




## Rothlú a shainiú

B'fhéidir nach n-úsáidfeadh daoine áirithe a úsáideann cathaoir rothaí nó scútar soghluaisteachta an téarma 'siúl' maidir leo féin agus b'fhéidir gur fearr leo an téarma 'rothlú' a úsáid. Úsáidimid na téarmaí 'siúl' agus 'rothlú' le chéile lena chinntiú go bhfuilimid chomh cuimsitheach agus is féidir.

# Ceannlínte

# Ceantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne




**Daonra**[i]

**143,300**

**115,274 duine fásta**
**28,026 leanbh**

## Minicíocht na modhanna taistil éagsúla

Is iad siúl agus tiomáint na modhanna taistil is coitianta i measc chónaitheoirí Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne, agus siúl agus rothlú ina dhiaidh sin. Ó 2023 i leith, tá siúl, rothlú agus rothaíocht beagnach mar a chéile.

i. Daonáireamh POS 2022. Is é sin an ceann is Luimnigh-na Sionainne.

**Cónaitheoirí a thaistealaíonn ar na modhanna seo a leanas cúig lá nó níos mó sa tseachtain sa cheantar**




ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir i gcarr, veain nó gluaisrothar.

## Ní rannpháirtíocht sa siúl, rothlú agus rothaíocht mar an gcéanna

Bíonn éagsúlacht mhór idir grúpaí éagsúla i roghanna taistil na gcónaitheoirí agus a dtuairimí maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht.

Siúlann nó rothlaíonn

**51%**

de chónaitheoirí cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**Cion na gcónaitheoirí a shiúlann nó a rothlaíonn cúig lá sa tseachtain ar a laghad**[iii]

**51%** de mhná

**51%** d'fhir

Rothaíonn

**15%**

de chónaitheoirí uair amháin sa tseachtain ar a laghad

**Cion na gcónaitheoirí a rothaíonn uair amháin sa tseachtain ar a laghad**

**8%** de mhná

**23%** d'fhir

## Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ina gcomharsanacht

**Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil**

**59%** de dhaoine faoi mhíchumas

**77%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

**Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil**

**62%** de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

**54%** de dhaoine 66 bliain d'aois agus níos sine

**Cion na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn ar a suaimhneas ag siúl, ag rothaíocht nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gcomharsanachta**[iv]

**84%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**88%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

iii. Féach an fonóta ar leathanach 6.

iv. Baineann grúpaí socheacnamaíocha AB le bainistíocht agus baineann grúpaí DE le gairmeacha láimhe, mná tí agus na daoine nach bhfuil i bhfostaíocht. Féach leathanach 6 chun sainmhínithe iomlána a fháil.

## Baineann gach duine tairbhe as nuair a shiúlann, a rothlaíonn agus a rothaíonn níos mó daoine

Bunaithe ar shamhaltú sonraí suirbhé, gach bliain, siúl, rothlú agus rothaíocht.

cuirtear cosc ar
**325**
**riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmacha**

cruthaítear
**€145.4 milliún**
**i sochar eacnamaíoch do dhaoine aonair agus don cheantar**

sábháiltear
**7,100 tona**
**d'astaíochtaí gás ceaptha teasa**

Laghdaíonn siúl, rothlú agus rothaíocht brú tráchta trí suas le 33,000 carr a bhaint de na bóithre gach lá.

## Ba mhaith le cónaitheoirí dul ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht níos mó agus níos lú tiomána a dhéanamh

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo úsáid níos mó nó níos lú a bhaint as cineálacha éagsúla iompair amach anseo:**

Ba mhaith le 18% de chónaitheoirí níos lú tiomána a dhéanamh Aontaíonn 61% de chónaitheoirí go n-úsáideann siad carr go minic toisc nach bhfuil aon roghanna iompair eile ar fáil.

**Siúl nó rothlú**

**41%** níos mo

**2%** níos lú

**Dul ar iompar poiblí**

**34%** níos mo

**5%** níos lú

**Rothaíocht**

**27%** níos mo

**1%** níos lú

**Tiomáint**

**11%** níos mo

**18%** níos lú

## Meastar go bhfuil rothaíocht níos lú sábháilte ná cineálacha eile iompair

**Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte ina gceantar áitiúil chun:**

**75%** chun siúl nó rothlú

**56%** chun rothaíocht

**81%** iompar poiblí a úsáid

**87%** chun tiomáint

## Tacaíonn cónaitheoirí le comharsanachtaí níos ceangailte

Tacaíonn 54% de chónaitheoirí le hinfheistíocht a aistriú ó scéimeanna tógála bóithre go siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú. Tá 25% i gcoinne aistriú dá leithéid.

Tacaíonn **84%** leis

Tá **8%** ina choinne

stop a chur le feithiclí a pháirceáil ar an gcosán

Tacaíonn **90%** leis

Tá **2%** ina choinne

cosáin siúil, rothlaithe agus rothaíochta eisbhóthair agus a fheabhsú agus a mhéadú

Tacaíonn **88%** leis

Tá **3%** ina choinne

rochtain siúil, rothlaithe agus rothaíochta chuig stadanna bus agus stáisiúin chóiste nó iarnróid a fheabhsú

Tacaíonn **86%** leis

Tá **5%** ina choinne

luasteorainneacha a laghdú, pointí trasnaithe a fheabhsú agus cosáin rothaíochta cosanta a thabhairt isteach i gcomharsanachtaí scoile

Tacaíonn **56%** leis

Tá **27%** ina choinne

sráideanna cónaithe lasmuigh de scoileanna a dhúnadh do charranna le linn amanna fágála agus bailithe

Tacaíonn **70%** leis

Tá **10%** ina choinne

siopaí, scoileanna, spás glas agus iompar poiblí a bheith laistigh de shiúl nó rothlú gairid óna dteach[v]

v. Is minic a thugtar comharsanachtaí 20 nóiméad ar áiteanna áitiúla a bhfuil seirbhísí agus saoráidí gar do do theach iontu.



Siúl agus rothlú

# Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht

## Rannpháirtíocht i siúl agus i rothlú

I gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne ar an iomlán, tá líon na gcónaitheoirí a shiúlann agus a rothlaíonn cúig lá ar a laghad sa tseachtain beagnach mar an gcéanna ó 2023 i leith.

Cé go bhfuil na figiúirí níos ísle ná mar a bhí siad in 2023, is ábhar misnigh é go mothaíonn formhór na gcónaitheoirí sábháilte fós ag siúl nó ag rothaíocht ina gceantar áitiúil agus measann siad gur áit mhaith í chun déanamh amhlaidh.

Siúlann nó rothlaíonn **85%** de na cónaitheoirí uile

87% in 2023

Siúlann nó rothlaíonn **51%** de na cónaitheoirí ar fad cúig lá sa tseachtain ar a laghad

52% in 2023

### Cion na gcónaitheoirí a shiúlann nó a rothlaíonn cúig lá sa tseachtain ar a laghad

#### Inscne[i]

**51%** de mhná
52% in 2023

**51%** d'fhir
52% in 2023

#### Eitneacht

**54%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
52% in 2023

**51%** de dhaoine geala
52% in 2023

#### Aois

**68%** de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois
69% in 2023

**47%** de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois
52% in 2023

**48%** de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois
55% in 2023

**49%** de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois
45% in 2023

**51%** de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois
47% in 2023

**45%** de dhaoine 66 bliain d'aois agus níos sine
42% in 2023

#### Míchumas

**38%** de dhaoine faoi mhíchumas
48% in 2023

**53%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas
53% in 2023

#### Grúpa socheacnamaíoch[ii]

**58%** de AB
57% in 2023

**57%** de C1
56% in 2023

**41%** de C2
46% in 2023

**47%** de DE
48% in 2023

i. Bhí méid an tsampla do fhreagróirí a chur a n-inscne in iúl 'ar bhealach eile' ró-íseal le bheith suntasach ó thaobh staidrimh de agus ní thaispeántar é.
ii. Is aicmiú bunaithe ar shlí bheatha é grúpa socheacnamaíoch a choinníonn an Cumann Taighde Margaidh. Is grúpaí gairmiúla agus bainistíochta iad grúpaí A agus B. Baineann Grúpa C1 le maoirseacht/cléireach agus mic léinn. Baineann Grúpa C2 le hobair láimhe oilte. Baineann Grúpaí D agus E gairmeacha láimhe leathoilte agus neamhoilte, mná tí agus daoine nach bhfuil i bhfostaíocht.

## Sábháilteacht agus sástacht maidir le siúl agus rothlú

Ceapann
**75%**
de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil
**84%** in 2023

Ceapann
**55%**
de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte do leanaí siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil
**76%** in 2023

Ceapann
**82%**
de na cónaitheoirí go léir go bhfuil a gceantar áitiúil ina áit mhaith ar an iomlán le siúl nó le rothlú
**88%** in 2023

### Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

#### Inscne

**73%** de mhná
**83%** in 2023

**78%** d'fhir
**85%** in 2023

#### Eitneacht

**73%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**93%** in 2023

**76%** de dhaoine geala
**83%** in 2023

#### Aois

**78%** de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois
**85%** in 2023

**74%** de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois
**83%** in 2023

**74%** de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois
**86%** in 2023

**77%** de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois
**84%** in 2023

**75%** de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois
**87%** in 2023

**75%** de dhaoine 66 bliain d'aois agus níos sine
**81%** in 2023

#### Míchumas

**59%** de dhaoine faoi mhíchumas
**77%** in 2023

**77%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas
**85%** in 2023

#### Grúpa socheacnamaíoch

**78%** de AB
**84%** in 2023

**77%** de C1
**83%** in 2023

**70%** de C2
**90%** in 2023

**75%** de DE
**82%** in 2023



## Sean Fitzgibbon

Tá ag siúl sráideanna agus glasbhealaí Luimnigh le beagnach 50 bliain, agus ní athróinn é d'aon rud. Ar laethanta áirithe is iad na Trí Dhroichead atá ann, ag coradh thar an tSionainn thar Thomond Bridge agus ar ais trasna Dhroichead na Sionainne. Uaireanta eile is é Bruach ciúin na Canála, lán le ceol na n-éan, nó tailte áille na hOllscoile áit a mbaineann radhairc na habhann staid asat.

Téim ag fánaíócht i bPáirceanna na Sionainne, Eastát an Bhagóidigh, agus Páirc Mungret—áiteanna a thug mé trí bhrón, áthas, agus gnáthlaethanta. Coinníonn an siúl sláintiúil mé, ach níos mó ná sin, coinníonn sé suas le Luimneach, na séasúir, agus mé féin mé.



Rothaíocht

# Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht

## Rannpháirtíocht rothaíochta

Rothaíonn 15% de chónaitheoirí uair amháin sa tseachtain ar a laghad faoi láthair.

Is í sábháilteacht, lena n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta, an bac is mó ar rothaíocht.[i]

Tá Ceantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne ag obair chun spás sábháilte, tiomnaithe a sholáthar do rothaíocht.

Rothaíonn **23%** de na cónaitheoirí ar fad

**22%** in 2023

Rothaíonn **15%** de na cónaitheoirí ar fad uair amháin sa tseachtain ar a laghad

**15%** in 2023

### Cion na gcónaitheoirí a rothaíonn uair amháin sa tseachtain ar a laghad

#### Inscne

**8%** de mhná

**10%** in 2023

**23%** d'fhir

**20%** in 2023

#### Eitneacht

**14%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**16%** in 2023

**15%** de dhaoine geala

**15%** in 2023

#### Aois

**33%** de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

**27%** in 2023

**16%** de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois

**16%** in 2023

**17%** de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois

**16%** in 2023

**15%** de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois

**14%** in 2023

**7%** de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois

**11%** in 2023

**5%** de dhaoine 66 bliain d'aois agus níos sine

**5%** in 2023

#### Míchumas

**1%** de dhaoine faoi mhíchumas

**8%** in 2023

**17%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

**16%** in 2023

#### Grúpa socheacnamaíoch

**17%** de AB

**14%** in 2023

**22%** de C1

**19%** in 2023

**14%** de C2

**14%** in 2023

**8%** de DE

**10%** in 2023

i. Féach tuarascálacha Bike Life 2019 (cathracha éagsúla).

## Sábháilteacht agus sástacht maidir le rothaíocht

Ceapann
**56%**
de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil
71% in 2023

Ceapann
**43%**
de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte do leanaí rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil
66% in 2023

Ceapann
**51%**
de na cónaitheoirí go léir go bhfuil a gceantar áitiúil ina áit mhaith ar an iomlán le rothaíocht a dhéanamh
73% in 2023

### Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil

#### Inscne

**52%** de mhná
**72%** in 2023

**60%** d'fhir
**70%** in 2023

#### Eitneacht

**61%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**80%** in 2023

**55%** de dhaoine geala
**70%** in 2023

#### Aois

**62%** de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois
**74%** in 2023

**53%** de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois
**72%** in 2023

**56%** de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois
**68%** in 2023

**53%** de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois
**77%** in 2023

**58%** de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois
**68%** in 2023

**54%** de dhaoine 66 bliain d'aois agus níos sine
**69%** in 2023

#### Míchumas

**41%** de dhaoine faoi mhíchumas
**66%** in 2023

**57%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas
**72%** in 2023

#### Grúpa socheacnamaíoch

**58%** de AB
**66%** in 2023

**57%** de C1
**75%** in 2023

**51%** de C2
**74%** in 2023

**56%** de DE
**68%** in 2023



## Yvonne Ryan

Bhain mé taitneamh as rothaíocht go dtí go raibh leanaí agam. Bhí mé neirbhíseach le hiompróirí na rothar traidisiúnta, ach anois tá rothar leictreach lastais fada agam ar féidir liom nó dhá leanbh is óige a iompar air go compordach.

Tá sé ina ghnáthrud dóibhsean dul ar scoil ar rothar, agus tugann sé sin fíorshaoirse do mo leanbh is sine maidir lena riachtanais taistil. Is bealach iontach chun tús a chur leis an lá é dul ar an obair agus ar scoil ar rothar - ní bhímid mall riamh, agus níl aon strus ann faoi pháirceáil ná trácht.

Labhraíonn mo chuid leanaí níos mó liom ar an rothar, agus insíonn siad buarthaí beaga gan an raidió sa charr sa bhealach orainn. Sílim go bhfuil an t-ádh orainn go bhfuil bonneagar maith againn agus is mian linn go mbeadh sé sin amhlaidh do chách.



## Na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú

# An fáth a dtairbhíonn sé do chách nuair a shiúlann nó a rothaíonn níos mó daoine

### Le chéile, siúlann nó rothlaíonn cónaitheoirí Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne 7 n-uaire timpeall an domhain gach lá

Feabhsaíonn siúl agus rothaíocht sláinte agus cáilíocht an aeir, sábhálann sé airgead do FSS, agus laghdaíonn sé an brú tráchta.

**Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra**

**51 milliún turas in 2025** ar **103.8 milliún ciliméadar** ar fad iad




**52.1 milliún turas in 2023** ar **106.6 milliún ciliméadar** ar fad iad




D'athraigh na foinsí sonraí a úsáidtear chun turais scoile a shamhaltú ag leanaí idir 2023 agus 2025.
Níl na torthaí seo inchomparáide go díreach, féach le do thoil ar an bpáipéar modheolaíochta le haghaidh tuilleadh sonraí.

### Tairbhíonn siúl agus rothlú do chónaitheoirí agus don tsochaí

Déanaimid samhaltú ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le turais siúil agus rothlaithe, lena n-áirítear na cinn a chuirtear in ionad turas a bhféadfadh tiomáint a bheith i gceist leo, ag baint úsáid as ár samhail Tairbhí Sochaíocha. Áirítear leis sin am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, sochair sláinte, cáilíocht an aeir agus cánachas.

Is é

**€123.5 milliún**

an tairbhe eacnamaíoch bhliantúil iomlán ó na turais uile a shiúltar agus a rothlaítear i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

Ba iad daoine a raibh rochtain acu ar charr a rinne go leor de na turais sin. Maidir leo sin (gan turais le haghaidh taitnimh nó aclaíochta san áireamh), lenár samhail, cuirtear na costais agus na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú i gcomparáid leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint.

Maidir leis na turais sin, sábhálfar **€1.14** in aghaidh gach ciliméadair a shiúltar nó rothlaítear seachas a thiomáintear. I gcaitheamh bliana, fágtar gurb é sin **€37.9 milliún** i dtairbhe eacnamaíoch do chónaitheoirí agus don tsochaí ó **33.2 milliún ciliméadar** a shiúladh nó a rothlaigh daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.



Tá difríocht bheag idir na meastacháin i samhail 2023 sa tuarascáil seo agus na cinn a foilsíodh in 2023, mar gheall ar athríomhadh iad ag baint úsáid as sonraí ionchuir ó fhoinsí níos láidre. Féach ar an tuarascáil um modheolaíocht chun sonraí a fháil.

## Nochtann siúl agus rothlú tairbhí sláinte do chách

Cuireann siúl sa cheantar cosc ar 292 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain.

289 in 2023

### Cásanna ar a cuireadh cosc




Sábhálann sé sin

**€3.6 milliún in aghaidh**

na bliana do FSS

€3.7 milliún in 2023

Coibhéiseach le costas

**61,000 ar choinní dochtúra teaghlaigh**

67,000 in 2023

Tá na figiúirí thuas bunaithe ar shonraí ceantair a chur i bhfeidhm ar uirlis MOVES Sport England, a thaispeánann an toradh ar infheistíocht i sláinte spóirt agus gníomhaíochta coirp. Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas cineál 2, stróc, ailse cíche agus ailse cholaireicteach.

Cuireann tairbhí na gníomhaíocht coirp ó shiúl

**cosc ar 49 bás luath gach bliain**

50 in 2023

a bhfuil luach

**€373 milliún air**

€391 milliún in 2023

Bunaithe ar Uirlis Measúnaithe Eacnamaíoch Sláinte (HEAT) de chuid an EDS/na hEorpa, lena n-éascaítear measúnú eacnamaíoch ar na tairbhí sláinte a bhaineann le siúl trí luach an laghdaithe ar bhásanna a eascraíonn as méideanna sonracha siúil a mheas. Déantar turais i gcathaoireacha rothaí agus scútar soghluaisteachta a shamhaltú mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Feabhsaíonn daoine a shiúlann agus a rothlaíonn in ionad tiomáint a dhéanamh cáilíocht an aeir, rud a shábhálann:

**16,000 kg de $NO_x$**

(Ocsaíd nítreach agus dé-ocsaíd nítrigine)

15,000 kg in 2023

agus

**1,100 kg de cháithníní**

($PM_{10}$, lena gcuimsítear $PM_{2.5}$) gach bliain.

1,100 kg in 2023

Aontaíonn **82%** de na cónaitheoirí go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



**89%** in 2023

## Cuidíonn siúl agus rothlú le géarchéim na haeráide a mhaolú

Trí bheith ag siúl nó rothlú in ionad tiomáint a dhéanamh, sábhálann cónaitheoirí

**5,500 tona**

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain.

5,500 tona in 2023

Tá sé sin comhionann le lorg carbóin

**50,000 duine ag dul ar eitiltí**

ó Aerfort na Sionainne go Heathrow, Londain.

In 2023, bhain **21.5%** d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann le hiompar, agus úsáid peitril agus díosail in iompar bóthair na príomhfhoinsí.

Idir 1990 agus 2023, tháinig méadú **129.4%** ar astaíochtaí iompair.[i]

i. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Deiridh Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2023.

## Coinníonn siúl agus rothlú an ceantar ag bogadh

Léirítear le staidéar go mbíonn cuirtear spás ar na bóithre ar fáil trí shiúl nó rothlú i gcomparáid le tiomáint.[ii] Cuidíonn sé seo leis an gceantar a choinneáil ag bogadh do gach úsáideoir bóthair.

Déanann cónaitheoirí

**30,000 turais fillte**

a shiúl agus a rothlú gach lá, cónaitheoirí d'fhéadfadh carr a úsáid.

29,000 in 2023

Dá mbeadh na carranna sin go léir i mbrú tráchta, bheadh sé ina scuaine siar go dtí

**145 ciliméadar**

arb é sin coibhéis an achair ó Chathair Luimnigh go Clár Chlainne Mhuiris.

140 ciliméadar in 2023

ii. Litman, 2023. Measúnú a dhéanamh ar Thionchair Úsáide Talún Iompair. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. Coincheap maidir le hAm-Ceantar.



Tairbhí na rothaíochta

# An fáth a dtairbhíonn sé do chách nuair a rothaíonn níos mó daoine

## Le chéile, rothaíonn cónaitheoirí Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne timpeall an domhain uair amháin gach lá

Is féidir le rothaíocht a bheith áisiúil do go leor turas áitiúil, go háirithe i gcathracha agus i mbailte. Tugann sé rogha iompair do dhaoine agus rochtain ar oideachas, ar phoist agus ar phobal.

**Turais rothaíochta bhliantúla de réir cuspóra**

### **3.8 milliún turas in 2025** ar **21.1 milliún ciliméadar** ar fad iad




### **3.8 milliún turas in 2023** ar **15.5 milliún ciliméadar** ar fad iad




D'athraigh na foinsí sonraí a úsáidtear chun turais scoile a shamhaltú ag leanaí idir 2023 agus 2025.
Níl na torthaí seo inchomparáide go díreach, féach le do thoil ar an bpáipéar modheolaíochta le haghaidh tuilleadh sonraí.

## Tairbhíonn rothaíocht do chónaitheoirí agus don tsochaí

Déanaimid samhaltú ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le turais rothaíochta, lena n-áirítear na cinn a chuirtear in ionad turas a bhféadfadh tiomáint a bheith i gceist leo, ag baint úsáid as ár samhail Tairbhí Sochaíocha. Áirítear leis sin am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, sochair sláinte, cáilíocht an aeir agus cánachas.

Is é

**€21.8 milliún**

an tairbhe eacnamaíoch bhliantúil iomlán ó na turais uile ar rothar i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

Ba iad daoine a raibh rochtain acu ar charr a rinne go leor de na turais sin. Maidir leo sin (gan turais le haghaidh caitheamh aimsire san áireamh), lenár samhail, cuirtear na costais agus na tairbhí a bhaineann le rothaíocht i gcomparáid leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint.

Maidir leis na turais sin, sábhálfar **€1.62** in aghaidh gach ciliméadair a rothaítear seachas a thiomáintear. I gcaitheamh bliana, fágtar gurb é sin **€15.6 milliún** i dtairbhe eacnamaíoch do chónaitheoirí agus don tsochaí ó **9.6 milliún ciliméadar** a rothaíonn daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.



Tá difríocht bheag idir na meastacháin i samhail 2023 sa tuarascáil seo agus na cinn a foilsíodh in 2023, mar gheall ar athríomhadh iad chun turais rothaíochta san áireamh mar chuid den obair agus ag baint úsáid as sonraí ionchuir ó fhoinsí níos láidre.

## Nochtann rothaíocht tairbhí sláinte do chách

Cuireann rothaíocht sa cheantar cosc ar 33 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain.

29 in 2023

### Cásanna ar a cuireadh cosc




Sábhálann sé sin

**€450,000 in aghaidh**

na bliana do FSS

€390,000 in 2023

Coibhéiseach le costas

**7,500 ar choinní dochtúra teaghlaigh**

7,100 in 2023

Tá na figiúirí thuas bunaithe ar shonraí ceantair a chur i bhfeidhm ar uirlis MOVES Sport England, a thaispeánann an toradh ar infheistíocht i sláinte spóirt agus gníomhaíochta coirp. Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas cineál 2, stróc, ailse cíche agus ailse cholaireicteach.

Cuireann tairbhí na gníomhaíochta coirp ó rothaíocht

**cosc ar 3 bás luath gach bliain**

2 in 2023

a bhfuil luach

**€23.1 milliún air**

€16.7 milliún in 2023

Bunaithe ar Uirlis Measúnaithe Eacnamaíoch Sláinte (HEAT) de chuid an EDS/na hEorpa, lena n-éascaítear measúnú eacnamaíoch ar na tairbhí sláinte a bhaineann le rothaíocht trí luach an laghdaithe ar bhásanna a eascraíonn as méideanna sonracha rothaíochta a mheas.

Feabhsaíonn daoine a rothaíonn in ionad tiomáint a dhéanamh cáilíocht an aeir, rud a shábhálann:

**3,700 kg de $NO_x$**

(Ocsaíd nítreach agus dé-ocsaíd nítrigine)

2,100 kg in 2023

agus

**285 kg de cháithníní**

($PM_{10}$, lena gcuimsítear $PM_{2.5}$) gach bliain.

153 kg in 2023

Aontaíonn **82%** de na cónaitheoirí go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil

**89%** in 2023

## Cuidíonn rothaíocht le géarchéim na haeráide a mhaolú

Trí bheith rothaíocht in ionad tiomáint a dhéanamh, sábhálann cónaitheoirí

**1,600 tona**

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain.

833 tona in 2023

Tá sé sin comhionann le lorg carbóin

**15,000 duine ag dul ar eitiltí**

ó Aerfort na Sionainne go Heathrow, Londain.

In 2023, bhain **21.5%** d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann le hiompar, agus úsáid peitril agus díosail in iompar bóthair na príomhfhoinsí.

Idir 1990 agus 2023, tháinig méadú **129.4%** ar astaíochtaí iompair.[i]

i. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Deiridh Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2023.

## Coinníonn rothaíocht an ceantar ag bogadh

Léirítear le staidéar go mbíonn cuirtear spás ar na bóithre ar fáil trí shiúl nó rothlú i gcomparáid le tiomáint.[ii] Cuidíonn sé seo leis an gceantar a choinneáil ag bogadh do gach úsáideoir bóthair.

Déanann cónaitheoirí

**2,800 turais fillte**

ar rothar gach lá, cónaitheoirí d'fhéadfadh carr a úsáid.

2,700 in 2023

Dá mbeadh na carranna sin go léir i mbrú tráchta, bheadh sé ina scuaine siar go dtí

**13 ciliméadar**

arb é sin coibhéis an achair ó Chathair Luimnigh go Caisleán Bhaile na Carraige.

13 ciliméadar in 2023

ii. Litman, 2023. Measúnú a dhéanamh ar Thionchair Úsáide Talún Iompair. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. Coincheap maidir le hAm-Ceantar.



**Réitigh siúil agus rothlaithe**

# Cad a chuideodh le siúl agus rothlú a dhéanamh níos éasca?

## Ba chóir go mbeadh seirbhísí agus saoráidí laistigh d'achar siúil agus rothlaithe ag tithe nua agus ag pobail atá ann cheana

Trí shiúl agus rothlú a chur i gcroílár pobal nua agus pobal atá ann cheana, tugtar rogha iompair níos fearr do dhaoine, agus laghdaítear spleáchas ar charranna.

Aontaíonn

**67%**

díobh gur féidir leo dul go héasca chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint

75% in 2023

Tacaíonn

**85%**

díobh le tús áite a thabhairt d'fhorbairtí tithíochta nua a thacaíonn le siúl, rothlú, rothaíocht nó úsáid iompair phoiblí.

Is féidir le forbairtí nua agus pobail atá ann cheana tacú le siúl agus rothlú trína chinntiú go bhfuil go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine le fáil gar don áit ina bhfuil cónaí orthu.

**Cén céatadán de chónaitheoirí a mbeadh níos mó saoráidí agus seirbhísí áitiúla úsáideach dóibh chun cuidiú leo siúl nó rothlú a dhéanamh níos mó?**

**70%**
níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar dá dteach
75% in 2023

**68%**
níos mó seirbhísí rialtais, amhail clinicí dochtúra agus scoileanna, gar dá dteach
74% in 2023

**82%**
níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar dá dteach
80% in 2023

**75%**
níos mó rudaí le feiceáil agus le déanamh gar dá dteach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta
79% in 2023

## Ba mhaith le cónaitheoirí go mbeadh siúl agus rothlú ag teacht níos fearr le busanna



Cé gur cheart go mbeadh siúl agus rothlú ar an rogha is mealltaí maidir le turais ghairide, ba cheart an rogha sin a chomhtháthú le hiompar poiblí le haghaidh turais níos faide freisin.

Is í úsáid bus an cineál taistil ilmhódaigh is coitianta ar fud na hÉireann, agus braitheann formhór na dturas bus ar shiúl agus ar rothlú. Dúirt cónaitheoirí linn go bhfuil feabhsuithe praiticiúla de dhíth orthu chun na modhanna iompair sin a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

**Cén céatadán de chónaitheoirí a mbeadh na hathruithe sin úsáideach dóibh le cuidiú leo turais a dhéanamh lena n-áirítear siúl nó rothlú agus an bus níos minice?**

**72%**
tuilleadh eolais chun cuidiú leo turas a phleanáil agus a dhéanamh (amhail aipeanna, léarscáileanna, comharthaíocht nó foireann iompair phoiblí)

**75%**
níos mó bealaí díreacha siúil agus rothlaithe ó eastáit tithíochta go stadanna bus

**75%**
bealaí siúil agus rothaíochta inrochtana go stadanna bus agus ar ais

**76%**
sábháilteacht fheabhsaithe agus tú agus daoine ag siúl agus ag rothlú go stad bus agus ar ais

**77%**
saoráidí trasnaithe siúil agus rothlaithe feabhsaithe in aice le stadanna bus

**80%**
stadanna bus feabhsaithe (amhail iad a bheith inrochtana, solas maith iontu, dea-bhail orthu, clúdach ón mbáisteach, taispeáint faisnéise seirbhíse)

## Ba mhaith le cónaitheoirí sráideanna níos fearr

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus lenár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáilteach agus compordach do gach duine chun siúl nó rothlú isteach iontu.

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh na hathruithe sin leo siúl nó rothlú níos mó?

**73%**
cosáin níos leithne
**74%** in 2023

**75%**
trasrianta bóthair níos minice, agus hamanna feithimh laghdaithe
73% in 2023

**80%**
áiteanna níos deise feadh na sráideanna chun stopadh agus scíth a ligean acu, amhail níos mó binsí, crann agus scáthlán
79% in 2023

**83%**
inrochtaineacht níos fearr ar chosáin, amhail dromchlaí cothroma agus colbhaí íslithe ag pointí trasnaithe
83% in 2023

**76%**
níos lú carranna páirceáilte ar an gcosán
79% in 2023

**74%**
níos lú eagla roimh choireacht nó iompar frithshóisialta ina gceantar
80% in 2023

### Sa cheantar, do gach bóthar a chruthaíonn acomhal le soilse tráchta

Tá trasrian coisithe ag **92%** díobh

Níl trasrian coisithe a **8%** díobh

Mar shampla, bíonn trí bhóthar ar acomhal-T a chomhdhéanann an t-acomhal, agus bíonn ceithre cinn i gcrosbhóthar.






## Paul Williams, Ceaintín

Is cathair iontach í Luimneach don siúl. Tá lár na cathrach dlúth; agus gach rud a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó dhuine laistigh d'achar gearr. Mar theaghlach, rinneamar an cinneadh carr amháin a bheith againn in áit dhá charr—fiú agus lapadán againn sa bhaile.

Ós rud é go bhfuilimid inár gcónaí agus ag obair sa chathair, is annamh a bhíonn gá le carr; i ndáiríre, bíonn sé níos moille bogadh timpeall i gcarr go minic.

De ghnáth siúlaim go dtí an obair, mar táim i mo chónaí an-ghar dó. Le déanaí, áfach, d'oscail mé an dara gnólacht—bácús ag an Margadh Bainne. Cé go bhfuil go leor stoic á bogadh idir an dá áitreabh, shocraíomar infheistíocht a dhéanamh i gcairtín chun arán agus earraí eile a iompar.

Is réiteach iontach é an cairtín: is féidir le haon bhall foirne é a úsáid, níl aon árachas ná páirceáil ag teastáil ina leith, agus tá sé éasca é a stóráil. Coinníonn an siúl ag bogadh muid, go simplí agus go hinbhuanaithe, gach lá.



Réitigh rothaíochta

# Cad a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

## Is mian le go leor cónaitheoirí rothaíocht a dhéanamh

Tá fonn mór ann tosú ag rothaíocht i measc cónaitheoirí nach bhfuil ag rothaíocht cheana féin.

Chun freastal ar an éileamh sin ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht, ag cinntiú go bhfuil spás tiomnaithe ag daoine le haghaidh rothaíochta, chomh maith le tacú le rochtain ar rothar, oiliúint, páirceáil rothar, agus rothaíocht agus iompar poiblí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

### Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin maidir le rothaíocht?



Ní rothaíonn siad agus ní mian leo: **56%**
**49%** in 2023

Rothaíonn siad go minic: **11%**
**11%** in 2023

Rothaíonn siad ó am go chéile: **10%**
**13%** in 2023

Ag rothaíocht den chéad uair nó ag filleadh uirthi: **4%**
**5%** in 2023

Ní rothaíonn siad ach ba mhaith leo: **19%**
**22%** in 2023

### Cén cion de chónaitheoirí a dúirt nach 'rothaíonn siad ach gur mhaith leo'

**21%** de mhná
**24%** in 2023

**22%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**41%** in 2023

**21%** de dhaoine faoi mhíchumas
**12%** in 2023

## Tá níos mó tacaíochta ag teastáil ó chónaitheoirí chun rothaíocht a dhéanamh

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh an cineál sin tacaíochta leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht a dhéanamh níos mó?

**47%**
rochtain ar rothar
**55%** in 2023

**30%**
rochtain ar rothar leictreach
**36%** in 2023

**25%**
rochtain ar rothar lastais ar a bhfuil spás chun leanaí nó siopadóireacht a iompar
**26%** in 2023

**25%**
rochtain ar rothar oiriúnaithe, amhail trírothach nó rothar láimhe
**23%** in 2023

**49%**
rochtain nó feabhsuithe ar scéim um rothair ar cíos sa chathair
**61%** in 2023

**44%**
rochtain ar pháirceáil shlán do rothair sa bhaile nó in aice leis
**49%** in 2023

**44%**
cúrsaí oiliúna rothaíochta agus turais shóisialta eagraithe
**62%** in 2023

### Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar do dhaoine fásta

**40%** de na cónaitheoirí ar fad
**40%** in 2023

**25%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE
**28%** in 2023

**54%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB
**55%** in 2023

## Ba mhaith le cónaitheoirí bonneagar rothaíochta feabhsaithe

Tá líonraí cosán rothaíochta tiomnaithe agus sábháilte, páirceáil rothar agus comhtháthú níos fearr le hiompar poiblí ag teastáil ó dhaoine.

Tá

**13% de theaghlaigh**
laistigh de 125 méadar ó chosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ón mbóthar, ó chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe, nó ó bhealaí ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine

Tá

**28 km**
de chosáin rothaíochta sa cheantar ar chomhchéim leis an gcosán, agus tá siad idirdhealaithe de dromchla difriúil

**Sa cheantar, tá:**

**15 km**
de chosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ón mbóthar

**26 km**
de chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe

**3 km**
de bhealaí ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine

**68**
spás páirceála rothair trasna 2 stáisiún iarnróid agus bus

**Cén céatadán de chónaitheoirí a chuideofaí leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht níos mó a dhéanamh dá mbeadh saoráidí níos fearr ann?**

**59%**
níos mó cosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí
70% in 2023

**56%**
níos mó cosáin rothaíochta feadh bóithre atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe
67% in 2023

**59%**
níos mó bealaí rothaíochta áitiúla ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine
70% in 2023

**55%**
naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil rothar shlán ag stáisiúin traenach, stadanna/stáisiúin bus
64% in 2023

**I measc na gcónaitheoirí**

Tacaíonn
**90%**
le cosáin siúil, rothlaithe agus rothaíochta eisbhóthair sa cheantar áitiúil a fheabhsú agus a mhéadú

Tacaíonn
**69%**
le níos mó cosáin rothaíochta a thógáil atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre
76% in 2023

Tacaíonn
**88%**
le rochtain siúil, rothlaithe agus rothaíochta chuig stadanna bus agus stáisiúin chóiste nó iarnróid a fheabhsú



## Carol Johansson

Táim ag rothaíocht chun na hoibre le breis agus deich mbliana, agus cuireann daoine ceist orm, "An bhfuil tú fós ag rothaíocht?" amhail is dá mba rud é gur éirigh é rómhór dó. Ach ní tréimhse ná dualgas atá ann; is lúcháir, neamhspleáchas agus ceangal atá ann - leis an gcathair, leis an saol amuigh faoin aer, agus le comhghleacaithe sa scioból rothar. Tá súil agam go mbeidh daoine an-tógtha leis an rothaíocht i gcónaí.

Chun é sin a thabhairt i gcrích, ní mór dúinn timpeallacht a chruthú ina mothaítear go bhfuil rothaíocht sábháilte, áisiúil agus taitneamhach do gach duine - beag beann ar aois nó taithí. I Luimneach, bheadh droichead tiomnaithe do choisithe agus do rothaithe trasna na Sionainne ina chéim mhór chun cinn – fíorléiriú intinne go bhfuil an taisteal gníomhach anseo le fanacht.



Réitigh chomharsanachta

# Áiteanna rathúla, ag díriú ar leanaí

Ba chóir do chomharsanachtaí tús áite a thabhairt do riachtanais agus folláine na ndaoine a chónaíonn ansin agus a thugann cuairt air. Ba chóir iad a phleanáil chun tacú leis an bpobal, ceangal sóisialta a chothú, agus a bheith in áiteanna ina mothaíonn gach duine ar a suaimhneas.

Má dheartar comharsanachtaí agus leanaí á gcur san áireamh, oibreoidh siad níos fearr do chách.

## An turas ar scoil a fheabhsú

Tá scoileanna i gcroílár go leor comharsanachtaí agus ba chóir go mbeadh siad mar chuid d'aon phlean a bhaineann le comharsanachtaí a fheabhsú.

Ciallaíonn sé sin oibriú le scoileanna chun siúl, rothlú agus rothaíocht a spreagadh, ach feabhas a chur ar an gcomharsanacht timpeall ar scoileanna freisin chun trácht a laghdú agus cosáin, pointí trasnaithe agus soláthar rothaíochta a fheabhsú.

Tacaíonn **56%** leis

Tá **27%** ina choinne

sráideanna cónaithe lasmuigh de scoileanna a dhúnadh do charranna le linn amanna fágála agus bailithe

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéimeanna Sráideanna Scoile ag

**4 scoil**

sa cheantar

1 scoil in 2023

Tacaíonn **86%** leis

Tá **5%** ina choinne

luasteorainneacha a laghdú, pointí trasnaithe a fheabhsú agus cosáin rothaíochta cosanta a thabhairt isteach i gcomharsanachtaí scoile

Tugtar 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile' orthu sin.[i]

**Tá 12 scoil**

sa chlár Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile

i. Tá sé mar aidhm ag na scéimeanna Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile criosanna scoile ildaite sainiúla a sholáthar ag tosach scoileanna chun tús áite a thabhairt do leanaí a bhíonn ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht, chun cosc a chur ar fhágáil feithiclí, agus chun trasrianta agus naisc thábhachtacha a fheabhsú do leanaí a roghnaíonn taisteal gníomhach.

## An neamhspleáchas a thabhairt do leanaí chun bheith ag fánaíocht, ag súgradh agus ag forbairt

Ba chóir do chomharsanachtaí a bheith ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Is féidir le comharsanachtaí atá deartha go maith saoirse a thabhairt do leanaí bogadh timpeall, bheith ag súgradh agus ag sóisialú, rud a chuideoidh le neamhspleáchas, scileanna sóisialta agus uathriail leanaí.

**An mheánaois nuair a ligfeadh tuismitheoirí agus cúramóirí do leanaí taisteal go neamhspleách ina gcomharsanacht**

**12 bliain d'aois** le siúl nó rothlú

**13 bliain d'aois** le rothaíocht a dhéanamh

**14 bliain d'aois** chun iompar poiblí a úsáid

Aontaíonn

**66%**

go bhfuil spás ann do leanaí chun sóisialú agus súgradh

**80%** in 2023

Tá níos lú páistí ag súgradh amuigh ar a sráideanna ná riamh. Ní dúirt ach **27%** de leanaí go mbíonn siad ag súgradh lasmuigh dá dtithe go rialta, i gcomparáid le **71%** díobh siúd a rugadh idir 1946 agus 1964.

Suirbhé feachtais 'Summer of Play', Save the Children, 2022.



## Tacaíonn cónaitheoirí le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí

Tacaíonn daoine fásta le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí, lena n-áirítear spriocanna laghdaithe tráchta agus bearta chun tréthrácht agus luas tráchta a laghdú, ach ní mór é sin a dhéanamh go cothrom.

Ceapann

**56%**

de chónaitheoirí nach é feithiclí mótair atá ag bogadh nó páirceáilte an ghné is suntasaí ina sráideanna

**76%** in 2023

Tacaíonn

**75%**

le spriocanna laghdaithe tráchta a leagan síos agus beart a dhéanamh chun iad sin a bhaint amach.

**80%** in 2023

Tacaíonn

**77%**

le comharsanachtaí íseal-tráchta

**85%** in 2023

Níl aon rud ann chun cosc a chur ar thrácht tríd an gceantar ar

**16%**

d'fhad iomlán na mbóithre neamhaicmithe sa cheantar. D'fhéadfadh cóngar sciuirde a bheith mar thoradh air seo.[ii]

**16%** in 2023

**Bheadh níos lú mótarfheithicilí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**68%** siúl nó rothlú níos mó

**51%** níos mó rothaíocht a dhéanamh

Tacaíonn

**76%**

le luasteorainneacha a laghdú ar bhóithre áitiúla i limistéir faoi fhoirgnimh go luasteorainneacha 30 km/u

Ba chóir go mbeadh trácht ag taisteal ag luasanna faoi bhun 30 km/u ar

**23%**

de shráideanna an cheantair de ghnáth (gan mótarbhealaí san áireamh)

**Bheadh níos mó sráideanna le luasteorainneacha 30 km/u úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**70%** siúl nó rothlú níos mó

**54%** níos mó rothaíocht a dhéanamh

## Ba chóir go mbeadh gach duine ar a suaimhneas ina gcomharsanacht féin

Le feabhsuithe ar chomharsanachtaí, ba chóir riachtanais daoine fásta a aithint freisin, mar shampla mná, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh.

Aontaíonn

**81%**

go mbíonn siad ag comhrá go rialta lena gcomharsana, níos mó ná díreach heileo a rá.

**83%** in 2023

Mothaíonn

**83%**

go bhfuil siad ábalta páirt a ghlacadh in áit níos fearr le cónaí a dhéanamh dá gcomharsanachta

**87%** in 2023

**Cion na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn ar a suaimhneas ag siúl, ag rothaíocht nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gcomharsanachta**

**86%**

de na cónaitheoirí ar fad

**91%** in 2023

**85%** de mhná

**91%** in 2023

**87%** d'fhir

**91%** in 2023

**87%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**95%** in 2023

**86%** de dhaoine geala

**91%** in 2023

**74%** de dhaoine faoi mhíchumas

**92%** in 2023

**87%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

**91%** in 2023

**84%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**91%** in 2023

**88%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

**94%** in 2023

ii. Bunaithe ar anailís le CycleStreets **www.lowtrafficneighbourhoods.org**. Is iad na bóithre beaga íseal-úsáide na bóithre sin a aicmítear mar 'bhóithre beaga níos lú suntasach' ar OpenStreetMap.



An ceantar a fhorbairt

# Siúl, rothlú agus rothaíocht a fheabhsú

**Is bealach iontach é an Taisteal Gníomhach chun taisteal timpeall, agus tú ag coinneáil tú féin aclaí, ag laghdú truaillithe agus ag sábháil airgid ag an am céanna. Téann taisteal gníomhach chun tairbhe don duine aonair agus don chathair araon.**

Tá formhór na ndaoine atá ina gcónaí i gCeantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne ina gcónaí i gceantar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (CCCL). Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) i gcomhar le CCCL maidir le tionscadail Taistil Ghníomhaigh a sholáthar. Áirítear leis sin forbairt lánaí rothaíochta scartha agus cosáin leathnaithe, droichid nua siúil agus rothaíochta, agus trasrianta coisithe nua. Tá obair Chlár Taistil Ghníomhaigh ÚNI bunaithe ar na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide 2023. Ceann de na príomhaidhmeanna a luadh ná líon na líonraí siúil agus rothaíochta a mhéadú ionas go mbeidh siúl, rothaíocht agus iompar poiblí freagrach as 50% de na turais uile faoi 2030. Maoiníonn an Roinn Iompair tionscadail trí Chlár Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair agus déanann na húdaráis áitiúla iad a bhainistiú agus a sholáthar.

Osclaíodh Scéim Rothar ar Cíos Transport for Ireland i Luimneach in 2014. Sa bhliain 2024, leathnaigh sé go campas Ollscoil Luimnigh. Tá úsáid na scéime ag méadú go suntasach; tháinig méadú 155% ar líon iomlán na dturas in 2024 i gcomparáid le líon 2022.

Bunaíodh foireann Taistil Ghníomhaigh i Luimneach chun tionscadail a mhaoiníonn ÚNI a sholáthar, agus go dtí deireadh 2024, bhí €96 milliún infheistithe i scéimeanna taistil ghníomhaigh. Ó 2020 i leith, tá méadú suntasach tagtha ar an ráta infheistíochta, agus soláthraíodh os cionn 100 km de bhonneagar Taistil Ghníomhaigh, rud a chuireann níos mó deiseanna ar fáil don siúl agus don rothaíocht ar fud an cheantair cathrach.

> **Tá úsáid na scéime ag méadú go suntasach; tháinig méadú 155% ar líon iomlán na dturas in 2024 i gcomparáid le líon 2022.**



## Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Mhuilinn

Críochnaíodh Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Mhuilinn i samhradh na bliana 2025. Tá bealach nua siúil agus rothaíochta eisbhóthair 1.4 km ar fad curtha ar fáil faoin scéim a nascann scoileanna, ceantair chónaithe agus an tSionainn. Cuimsíonn sé trasrianta coisithe nua, bearta maolaithe tráchta, agus cur níos mó ná 280 crann, rud a chruthaíonn timpeallacht níos sábháilte agus níos glaise do gach úsáideoir. Ceanglaíonn an scéim ceantar cónaithe mór le scoileanna, rud a éascaíonn taisteal gníomhach agus a spreagann aistriú córa iompair le haghaidh turais scoile, rud a chuireann roghanna taistil níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe chun cinn.



## Scéim Plassey Park Road

Tá infheistíocht shuntasach déanta i gceantar Chaladh an Treoigh. Le scéim Plassey Park Road, a osclaíodh in 2024, cruthaíodh acomhal cosanta do rothaithe agus do choisithe, agus ceanglaíonn sé le bonneagar atá ann cheana chun nascadh le campas Ollscoil Luimnigh. Déanann sé soláthar freisin do thosaíocht busanna agus limistéar glas nua, ina crainn nua, tírdhreachú agus binsí.



## Scéim Bhóthar an Athar Ruiséil

Tá méid suntasach curtha i gcrích ar an taobh eile den chathair freisin, i dTuar an Daill. Le scéim Bhóthar an Athar Ruiséil, a osclaíodh in 2024, déantar soláthar do chiliméadar de bhonneagar rothaíochta scartha agus coisithe feabhsaithe ar fáil, chomh maith le stadanna bus cosanta. Nascann sé sin leis an scéim Ráithín go Crois Uí Chuinn (R510) a osclaíodh le déanaí, atá tógtha de réir an chaighdeáin chéanna le Bóthar an Athar Ruiséil. Mar chuid den tionscadal sin, soláthraíodh gnéithe de Bhealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS) os comhair Scoil Náisiúnta Naomh Neasán, rud a thugann eispéireas níos sábháilte agus níos taitneamhaí do dhaltaí agus do thuismitheoirí ag an am fágála agus bailithe. Ar an dá scéim, cuimsíodh crainn nua agus ceapacha bláthanna fiáine.



## An Clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile

Faoin gclár SRTS, tá tionscadail sábháilteachta agus cruthaithe áite curtha i gcrích ag naoi scoil. I measc na scéimeanna suntasacha a cuireadh i gcrích le dhá bhliain anuas tá na criosanna scoile ag Scoil Náisiúnta Naomh Pól i dTuar an Daill agus Gaelscoil Sairséal ar Bhóthar Shíol Bhroin. Sa tSionainn, sholáthair Comhairle Contae an Chláir crios scoile ag Scoil Náisiúnta na Cluana Muiní agus nasc feabhsaithe i dtreo lár an bhaile, faoin N18.



Ag breathnú chun cinn

# Áiteanna agus sráideanna níos fearr do chách

Foilsíodh Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne (LSMATS) i mí na Samhna 2022. Leagtar amach inti an creat le haghaidh líonra iompair inrochtana, ardchaighdeáin agus comhtháite lena bhfreastalaítear ar an éileamh taistil agus a thacaíonn le fás inbhuanaithe i Luimneach. Ceann de chuspóirí na straitéise sin is ea cultúr láidir rothaíochta a fhorbairt i gceantar Luimnigh. Áirítear leis sin an gealltanas líonra rothaíochta sábháilte, cuimsitheach, mealltach agus inléite a sholáthar.

**Clár Pathfinder – Nascacht Ollscoil Chathair Luimnigh:** Leis na naisc taistil ghníomhaigh idir trí phríomhinstitiúid tríú leibhéal Luimnigh - Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (OTS), Ollscoil Luimnigh (OL), agus Coláiste Mhuire Gan Smál - cruthaítear tionscadal taispeántóra faoin gClár Pathfinder, atá mar chuid den Bheartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe. Tiocfaidh na tionscadail sin le chéile i lár na cathrach, rud a chuirfidh feabhas ar an mbonneagar i gceantar Ché Artúir. Cuimsítear sa tionscadal trí scéim: an Glasbhealach atá ann cheana lena nasctar An Baile Gaelach i lár na cathrach le hOllscoil Luimnigh feadh Chanáil na Páirce agus na Sionainne; Mary I go Lár na Cathrach (feadh an Chuarbhóthair Theas); agus OTL go Lár na Cathrach. Cuireadh tús le tógáil scéim OTL go Lár na Cathrach in 2025, agus táthar ag súil go dtosóidh scéim Mary I go Lár na Cathrach in 2026.

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mian leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ina gceantar áitiúil:**

**64%** ar shiúl agus rothlú

**54%** ar rothaíocht

**68%** ar bhusanna

**61%** ar thraenacha

**46%** ar chineálacha eile iompair phoiblí

**44%** ar thiomáint

> **Ceann de chuspóirí na straitéise sin is ea cultúr láidir rothaíochta a fhorbairt i gceantar Luimnigh.**

**Scéimeanna atá le teacht:**
Chomh maith leis na scéimeanna Pathfinder, tá CCCL ag forbairt réimse príomhthionscadal um Thaisteal Gníomhach sa cheantar cathrach. Feicfear forbairt Bhóthar na hInse mar prhíomhchreat in oirthear na cathrach. Cuirfear Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar an Mhuilinn, Corrbhaile os comhair Scoil Íde go Droichead Áth Longfoirt i gcrích an bhliain seo chugainn. Sa tSionainn, tá foireann Taistil Ghníomhaigh an Chláir ag soláthar trasrianta coisithe agus stadanna bus nua ar fud an bhaile, ag nascadh le scéim Bhaile Uí Chathasaigh a soláthraíodh in 2022.

Chomh maith leis na tionscadail chaipitiúla sin, leanfaidh Luimneach lena Mol Rothar a fheidhmiú – an chéad cheann dá leithéid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Cuireann an chomhpháirtíocht sin idir CCCL, ÚNI, fiontair shóisialta, agus carthanais seirbhísí deisiúcháin agus oiliúna rothar ar fáil. Bhain baill de na pobail dhídeanaithe agus imirceach leas as seirbhísí saor in aisce an Mhoil, rud a fheabhsaíonn a gcumas dul ar rothar timpeall na cathrach chun rochtain a fháil ar oideachas, obair agus gníomhaíochtaí sóisialta.

Beidh Leabharlann Rothar á bunú i Luimneach chomh maith, i gcomhpháirtíocht le scoileanna agus clubanna spóirt. Cuirfidh sé ar chumas teaghlach rothair lastais leictreacha a fháil ar iasacht ar feadh trí mhí. Léirítear le torthaí ó Bhaile Átha Cliath, i gcás ina bhfuil an scéim ar siúl le blianta beaga anuas, gur féidir le rannpháirtíocht a bheith ina spreagadh láidir chun nósanna taistil a athrú.

Tacaíonn foireann láidir cumarsáide le clár Taistil Ghníomhaigh Luimnigh. In 2025, sheol CCCC an tAmharcóir Taistil Ghníomhaigh, léarscáil idirghníomhach ar líne ar a dtaispeántar na tionscadail uile atá ann cheana agus na cinn atá beartaithe. Ina theannta sin, foilsítear nuachtlitir gach coicís chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn.



## Deirdre McGrath

**Cé go bhféadfadh sé go nglacann sé beagán níos mó eagrúcháin siúl nó dul ag rothaíocht chuig mo cheann scríbe laistigh den chathair, is fiú an iarracht ar deireadh i gcónaí.**

Tá rud éigin fiúntach faoi dhul amach faoi aer, fiú má chiallaíonn sé beagán pleanála níos mó roimh ré ná mar is gnách. Go gairid i ndiaidh dom imeacht, tosaím ag mothú go maith fúm féin as an dúshlán simplí a ghlacadh, agus is minic a chuireann sé iontas orm cé chomh fuinniúil agus glan-intinne is a bhím.

Trí bheith ag bogadh tríd an gcathair faoi mo chumhacht féin, faighim mothú níos láidre dáimhe le mo thimpeallacht.

Ag féachaint chun cinn, ba bhreá liom níos mó tacaíochta a fheiceáil do thaisteal gníomhach i Luimneach– cosáin níos fearr, trasrianta níos sábháilte, agus infheistíocht leanúnach i rothair agus i mbusanna TFI. Is í an tsolúbthacht sin a dhéanann an difríocht uile. Tar éis an tsaoil, is é beagán de mhórán a mhéadaíonn do dhúil!

## Nótaí ar mhodheolaíocht

Ba é an chuideachta taighde neamhspleách Ipsos B&A a rinne an suirbhé o thaobh dearcaidh ó Aibreán go Lúnasa 2025 (Bealtaine go hIúil 2023).

Tá an suirbhé ionadaíoch do chónaitheoirí uile Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne, ní iad siúd a shiúlann, a rothlaíonn nó a rothaíonn amháin.

Fuarthas na sonraí eile go léir ó chomhpháirtithe réigiúnacha agus áitiúla, ó thacair sonraí náisiúnta rinne Walk Wheel Cycle Trust iad a shamhaltú nó a ríomh. Tá na sonraí uile a fuarthas go háitiúil ceart amhail ón 28 Bealtaine 2025.

Úsáideann meastacháin turas samhail arna forbairt ag Walk Wheel Cycle Trust. Agus comparáid á déanamh le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt difríochtaí a bheith ann i gcion na dturas a rinneadh de réir chuspóir an turais.

Áirítear turais rothaíochta sna meastacháin turas anois mar chuid den obair do 2025 agus 2023 araon. Rinneadh meastacháin samhla 2023 a foilsíodh roimhe seo a athríomh chun iad sin a chur san áireamh agus chun comparáid dhíreach a éascú agus ag baint úsáid as roinnt sonraí ionchuir éagsúla ó fhoinsí níos láidre. Bhí tionchar aige sin freisin ar mheastacháin ar thurais siúil ó 2023 ar aghaidh.

Baineadh úsáid as slánú ar fud na tuarascála. In go leor cásanna, rinneamar slánú go dtí an tslánuimhir is gaire. Seachnaítear slánú i gcás ina bhféadfadh sé sin mearbhall a chruthú, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a thaispeántar sna rannóga achoimre agus tairbhí

Tá tuilleadh eolais faoi fhoinsí sonraí agus ríomhanna, lena n-áirítear láidreachtaí agus teorainneacha an tsuirbhé agus modheolaíocht samhla le fáil ag **www.walkwheelcycletrust.org.uk/walking-cycling-index**

Is a bhuí leis an gcarthanas Walk Wheel Cycle Trust gur féidir le gach duine siúl, rothlú agus rothaíocht a dhéanamh.

Mar gheall go n-athraíonn gluaiseacht faoi chumhacht na ndaoine gach rud. Ár sláinte. Ár bhfolláine. Ár ndomhan.

**www.walkwheelcycletrust.org.uk**

## Maoiniú agus tacaíocht

Tá maoiniú agus tacaíocht tugtha ag an Údarás Iompair Náisiúnta i leith Innéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne. Tá an tionscadal comhordaithe ag Walk Wheel Cycle Trust agus tá tacaíocht faighte ina leith ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ó Chomhairle Contae an Chláir.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust in Éirinn (20206824), i Sasana agus in Cymru (326550), agus in Albain (SC039263).

© Walk Wheel Cycle Trust Márta 2026

© Photos: Don Moloney, seachas seatanna cinn ar leathanach 2: Contae Luimnigh agus ó Chomhairle Contae an Chláir (ar clé), Eamon Ward (ar dheis); leathanach 7: Sean Fitzgibbon/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 9: Yvonne Ryan/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 15: Paul Williams/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 17: Carol Johansson/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 21: An tÚdarás Náisiúnta Iompair; leathanach 23: Deirdre McGrath/ Walk Wheel Cycle Trust